

Cill Bhríde

1.0 Comhthéacs/Nádúr an tSráidbhaile

Tá Cill Bhríde lonnaithe thart ar 8 gciliméadar siar ó dheas ó Chill Dhéagláin agus 7 gciliméadar soir ó dheas ó Ráth Tó ag an teorainn le Baile Átha Cliath. Mar gheall ar shuíomh an tsráidbhaile, tá Cill Bhríde faoi bhrú suntasach ó thaobh mhéid an tráichta a théann tríd an sráidbhaile le linn buaicuaireanta. Tá Cill Bhríde lonnaithe in áit álainn faoin tuath. Tá fála sceach lánfhásta ann, tá crainn ar gach taobh de na bóithre ar an mbealach isteach agus tá goirt sa dúiche thart air. Lonnaíocht sráidbhaile bheag a bheidh sa sráidbhaile go fóill in ordlathas lonnaíochta an Phlean. Cuirfidh forbairt i bpríomháiteanna le pobal dlúth agus bríomhar a mbeidh croílár soiléir aige a chruthú.

Faoi láthair, tá forbairt i gCill Bhríde scaipthe agus tá croílár an tsráidbhaile leagtha amach go dona. Den chuid is mó, is foirgnimh thuaithe iad na foirgnimh agus ní ghabhann airde na bhfoirgneamh thar dhá stór. Ritheann Abhainn an Bharda ar an taobh ó dheas den lonnaíocht. Tá Séipéal Naomh Bríd agus An Croí Ró-Naofa in áit fheiceálach agus ardaithe ar an taobh ó thuaidh den sráidbhaile. Tá crainn agus fála sceach aibí ar na bóithre ar an mbealach isteach go dtí Cill Bhríde agus cuireann siad le háilleacht an cheantair.

Áit san Ordlathas lonnaíochta	Sráidbhaile – Ionad áitiúil do sheirbhís agus fiontraíocht áitiúil		
Daonra	2011	2016	% Athrú
Teorainn Lonnaíochta an POS níos mó ná teorainn an phlean forbartha	534 duine	509 duine	Laghdú 4.7%
Leithdháileadh Teaghlaigh na Croístraitéise	35 aonad		
Aonaid a ghealltar nár tógadh fós	0 aonad		
Uimh. an tSoláthair Tithíochta	27		
Áiseanna Oideachais	Bunscoil Chill Bhríde		
Saoráidí Pobail	Club CLG Chill Bhríde, Séipéal Naomh Bríd.		
Limistéir Chaomhantais Ailtireachta	Ceann ar bith		
Déanmhais Chosanta	Beartaithe lena chur leis an TDC >MH051-106 – Eaglais Chaitliceach Rómhánach Chill Bhríde		
Toilleadh Bonneagair	Uisce: acmhainn theoranta Dramhuisce: acmhainn theoranta		
Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte	Measúnú ar Riosca i gcás Tuilte Plean Forbartha Contae na Mí – 2019-2025 Aithníodh Crios Tuile A & B.		

Láithreáin Natura 2000	Níl aon láithreáin ainmnithe in aice
Crios Acmhainneachta Seandálaíochta	Tá criosanna Acmhainneachta Sheandálaíochta in aice leis an sráidbhaile.

2.0 Fís

Lár an tsráidbhaile tráchtála agus chónaithigh i gCill Bhríde a dhaingniú agus a neartú, agus forbairt a spreagadh a chuirfidh le agus a neartóidh carachtar agus struchtúr chroílár an tsráidbhaile. Freisin, chun caighdeán thimpeallacht thógtha agus nádúrtha an tsráidbhaile a fheabhsú agus freastal ar riachtanais an phobail áitiúil agus cinntiú go bhforbraíonn an pobal ar bhealach inbhuanaithe, mar shráidbhaile tarraingteach um chónaí, obair, chaitheamh aimsire agus chuairt.

3.0 Deiseanna

- Tá deis iontach ann croílár an tsráidbhaile a fhorbairt le háiseanna níos fearr do choisithe agus moilliú tráchta a sholáthar ar an taobh ó thuaidh den sráidbhaile in aice leis an séipéal. Tacóidh sé sin le timpeallacht níos deise agus níos sábháilte a chruthú i lár an tsráidbhaile.
- Mar gheall ar fhaiche bhaile/páirc bheag a chur ar fáil, in éineacht leis an gcriosú úsáide measctha ag an gcrosbhóthar, cuirfear le brí agus beocht an tsráidbhaile. Dá bharr sin, tacófar le pátrún níos dlúithe forbartha a chruthú.
- Ar an taobh ó dheas, tá deis ann an ceantar thart ar an scoil a fheabhsú le moilliú tráchta, feabhas a chur ar chuma an cheantair agus crainn a chur. I dtaca leis sin, beidh gá le soilsíú poiblí níos fearr/breise, chomh maith le cosáin a chur i gcrích/a leathnú go dtí agus ón gcrosbhóthar, an scoil agus na ceantair chónaitheacha mórtimpeall.
- Dá gcuirfí feabhas ar chuma an tsráidbhaile le comharthaí ardchaighdeáin, ealaín phoiblí agus caighdeáin sheasmhacha ó thaobh soilse i gcroílár an tsráidbhaile agus ar na bealaí isteach go dtí an sráidbhaile, cuirfí le braistint na háite agus thacófaí le hatmaisféar an tsráidbhaile agus sainiúlacht ar leith a neartú.

4.0 Straitéis Úsáide Talún

4.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

Is lonnaíocht líneach atá sa lonnaíocht agus tá foirgnimh ina líne le taobh na mbóithre a thagann le chéile ag aomhal an chrosbhóthair in áit a bheith tugtha le chéile thart ar chroílár sainithe an tsráidbhaile. Is i bhfoirm áiteanna cónaithe scoite ar láithreáin aonair a dhéantar forbairt chónaithe, cé gurb ann do roinnt scataí tithe ag Céide Crann Silíní siar ó thuaidh ón eaglais agus Gleann Ard ar an taobh thoir den eaglais. Tá na naisc do choisithe i gcroílár an tsráidbhaile go dona faoi láthair agus tá neartú suntasach ag teastáil.

Tá an acmhainn le haghaidh forbairtí conáitheacha iltithe íseal mar gheall ar acmhainn seirbhíse theoranta, ach bheifí ábalta forbairt chónaitheach ar scála beag a chomhtháthú go réidh leis an timpeallacht thógtha atá ann agus leis an gcomhshaol nádúrtha trí úsáid a bhaint as cineálacha cuí cónaithe, dá ndéantar eolas ag ailtireacht dhúchasach, agus suíomhanna agus tírdhreachú cuí a roghnú, faoi réir amchainn bhonneagair a bheith ar fáil.

Aithnítear ceantair nua chun spás a dhéanamh d'fhorbairt nua chónaithe ar an taobh thoir agus an taobh ó dheas den pháirc CLG. Beidh forbairt ag teastáil chun na iad a thabhairt le chéile leis an sráidbhaile atá ann agus nascacht a chruthú sa timpeallacht uirbeach. Tugadh cead pleanála le déanaí do 19 dteach (AA170905) ar an taobh ó dheas de thailte agus páirc de chuid CLG.

Mar chuid den fhorbairt sa cheantar ar an taobh thoir den pháirc CLG, ba cheart spás oscailte/páirc bheag don sráidbhaile a fhorbairt.

4.2 Geilleagar agus Fostaíocht (miondíol san áireamh)

Aithnítear Cill Bhríde mar lárionad miondíola Leibhéal 5 in Ordathas Miondaíola an Chontae. Is iad na háiseanna tráchtála atá sa sráidbhaile ná stáisiún peitрил agus an tsiopa áise a ngabhann leis, teach ósta, agus na déantúsóirí comhartha Rennicks ar an taobh ó dheas den sráidbhaile. Forbraíodh an sráidbhaile ar bhealach scaipthe seachas i bhfoirm sráidbhaile comhdhlúite. Mar gheall ar mhéid an tsráidbhaile agus cóngarach na lonnaíochtaí níos mó, meastar go bhfuil na háiseanna atá ar fáil faoi láthair leordhóthanach.

4.3 Bonneagar

Cuirtear soláthar uisce ar fáil do Chill Bhríde leis an Scéim Soláthair Uisce na Mí Thoir agus ó Ionad Cóireála Uisce Steach Luíne, ach tá an soláthar sin teoranta. Cuirtear leis sin le foinsí screamhuisce ag Currach Átha agus An Ráth. Freastalaíonn an scéim séarachais do Chill Dhéagláin, Ráth Tó/Cill Bhríde (séarach 9C) ar an mbaile. Tá acmhainn na cóireála fuíolluisce teoranta chomh maith.

4.4 Gluaiseacht

Tá Cill Bhríde lonnaithe ag acomhal na mbóithre contae L-1007-30 (Bóthar Ráth Tó), L-1009-11 (Bóth Chill Dhéagláin) agus L-1007-40 (Bóthar Bhaile an Alabhóidigh). Tá an sráidbhaile gar do na bealaí náisiúnta agus mótarbhealaigh N2, M3 agus R147 (an N3 roimhe seo) agus tá sé thart ar 5 gciliméadar ón stáisiún traenach Páirceála agus Taistil M3. Ba cheart scrúdú a dhéanamh ar nascacht le BIÉ agus an stáisiún traenach páirceála agus taistil M3. Úsáideann comaitéirí nach bhfuil as an gceantar seo na bóithre sa sráidbhaile agus iad ag taisteal go Baile Átha Cliath. Mar sin, bíonn méideanna suntasacha tréthrachta sa sráidbhaile, rud a imríonn tionchar ar chaighdeán an chomhshaoil agus sábháilteacht do choisithe agus rothaithe.

Is tábhachtach gluaiseacht coisithe tríd an gceantar a fheabhsú agus trácht feithicle a théann tríd an sráidbhaile a bhainistiú. Bheadh timpeallacht níos fearr agus níos sábháilte ann sa sráidbhaile dá n-úsáidí bearta moillithe tráchta, trasrian(ta) coisithe, dromchlaí uigeacha agus pábháil thadhhlach, dá leathnófaí/méadófaí na cosáin atá ann sa sráidbhaile agus dá gcuirí feabhas ar mharcanna do choisithe agus trácht innealta.

4.5 Oidhreacht Chultúrtha agus Nádúrtha

Níl aon mhír i gCill Bhríde liostaithe ar Thaifead ar Dhéanmhais Chosanta atá san áireamh leis an bPlean Forbartha Contae reatha. Ach is foirgneamh álainn é Séipéal Naomh Bríd agus tá suíomh ar leith aige sa sráidbhaile. Tá sé molta an struchtúr seo a chur san áireamh leis an Thaifead ar Dhéanmhais Chosanta. Is é an cuspóir carachtar agus suíomh an fhoirgnimh a chosaint.

4.6 Bonneagar Glas

Ritheann Abhainn an Bharda tríd an taobh ó dheas de Chill Bhríde. Bheifí ábalta úsáid a bhaint as an ngné seo chun spás áise a chruthú don sráidbhaile. Aithnítear é sna cuspóirí criosaithe úsáide talún mar bhealach siúil agus ba cheart go gcuirfí moltaí i dtaca leis an mbealach siúil san áireamh le haon fhorbairt na dtailte taobh leis.

Tá roinnt mhaith crann aibí álainn i gCill Bhríde, idir roschoillte ina bhfuil crainn leathanduilleacha agus shraitheanna crann péine, a chuireann go mór leis an oidhreacht nádúrtha agus carachtar an cheantair. Den chuid is mó, tá siad lonnaithe ar thalamh na heaglaise ag Séipéal Naomh Bríd i lár an tsráidbhaile. Is tábhachtach na crainn sin a choimeád agus a chosaint agus déanfar soláthar dó sa phlean seo.

4.7 Bonneagar Sóisialta

Is iad na háiseanna pobail atá ann faoi láthair i gCill Bhríde ná an Séipéal, an halla pobail, an láthair CLG agus an bunscoil Scoil Bhríde. Tacóidh an Chomhairle le agus déanfaidh sí éascaíocht ar na háiseanna seo a mhéadú de réir mar is gá chun freastal ar an daonra atá ann agus a bheidh ann sa cheantar.

Bheadh tairbhe ag baint leis an mbonneagar sóisialta sa sráidbhaile a fheabhsú, lena n-áirítear faiche bhaile/páirc bheag saincheaptha a sholáthar in éineacht le naisc coisithe a fheabhsú. Tá dóthain talún ar fáil chun spás a dhéanamh do bhonneagar sóisialta/pobail méadaithe le freastal ar an daonra atá ann agus a bheidh ann le linn shaolré an Phlean.

4.8 Deireadh Uirbeach agus Réimse Poiblí

Beidh caighdeán ard deartha tógála ag teastáil i leith gach cineál forbartha amach anseo i gCill Bhríde. Ba chóir go léireodh an cur chuige deartha gur sráidbhaile tuaithe é Cill Bhríde, agus ba chóir go mbeadh tionchar soiléir ag an oidhreacht thraidisiúnta agus dhúchasach thógtha sa cheantar ar an gcineál tógála. Ní mór go bhfreagródh tógáil nua do chomhthéacs an láithreáin aonair agus go dtabharfaí aird chuí ar fhorbairt in aice.

Tá tréithe de shráidbhaile tuaithe / ísealdlúis ag croílár an tsráidbhaile go fóill, cé go bhfuil tréithe a shamhlófaí níos mó leis na bruachbhailte ag imill an tsráidbhaile. Ba inmhianaithe go bhfeabhsófaí an réimse poiblí agus an sráid-dreach chun carachtar lárnach an tsráidbhaile a fheabhsú, chomh maith le cuma an tsráidbhaile. Spreagfaidh an Chomhairle, agus cuirfidh sí chun cinn, réitigh ailtireachta dea-cheaptha atá tomhaiste go maith maidir le haon mholadh cuí forbartha laistigh de Chroílár an tsráidbhaile d'fhonn feabhas a chur ar chuma an tsráidbhaile agus ar charachtar an cheantair.

5.0 Cuspóirí Forbartha do Bhailte/Shráidbhailte

Tá na Beartais agus na Cuspóirí atá leagtha amach thíos anuas orthu siúd atá sa Ráiteas Scríofa in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun athrá a sheachaint, níor athshonraíodh Beartais agus Cuspóirí ach áit a bhfuil siad ábhartha ach go háirithe don ráiteas. Mar sin ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí sin a léamh i dteannta leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Fhorbartha atá leagtha amach in Imleabhar a hAon den Phlean.

Beartas

Is é beartas na Comhairle:

BEA CB 1 Croílár tráchtála agus cónaitheach an tsráidbhaile i gCill Bhríde a dhaingniú agus a neartú, agus forbairt a spreagadh a chuirfidh feabhas ar chaighdeán na ríochta poiblí, ar charachtar agus struchtúr chroílár an tsráidbhaile agus ar an sráid-dreach reatha, chun nasc a dhéanamh leis an abhainn agus leis an mbruach abhann agus an tírdhreach i gcoitinne, fad a fhreastalaítear ar riachtanais na ndaoine go léir sa phobal áitiúil; agus chun soláthar a dhéanamh d'fhorbairt a chumasófar forbairt inbhuanaithe an tsráidbhaile mar áit tharraingteach le cónaí, oibriú agus am a chaitheamh ann agus le cuairt a thabhairt uirthi.

Cuspóirí

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

Lonnaíocht agus Tithíocht

CUS CB 1 Cinnte a dhéanamh de go gcuirfean an Chroístraitéis sa Phlean Forbartha Contae l bhfeidhm, chomh fada agus is féidir, trína áirithiú nach sárófar an leithdháileadh teaghlaigh do Chill Bhríde mar a leagtar amach i dTábla 2.11 den Chroístraitéis.

CUS CB 2 Tacú le forbairt chónaitheach ar thalamh tearcúsáidte agus/nó tailte folmha, láithreáin 'inlíontacha' agus 'athfhorbraíochta' san áireamh, agus é sin a spreagadh, faoi réir caighdeán ard a bhaint amach maidir le dearadh agus leagan amach. Ní mór go léireodh forbairt nua meas ar scála, mórdhlúthú agus carachtar an tsráidbhaile.

CUS CB 3 Forbairt ceantar cónaitheach nua ar an taobh thoir agus an taobh ó dheas den pháirc CLG a chur chun cinn. Ba cheart forbairt nua a fhorbairt i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sna Cuspóirí Deartha Uirbigh.

CUS CB 4 Soláthar faiche sráidbhaile/páirce bige a chur chun cinn chun freastal ar riachtanais an tsráidbhaile.

Eacnamaíocht agus Fostaíocht

CUS CB 5 Chun éascaíocht a dhéanamh ar fhorbairt na dtailte atá criosaithe le haghaidh úsáid mheasctha os comhair an tí ósta Sweeney's agus phríomhacomhal an tsráidbhaile d'fhonn feabhas a chur ar chroílár an tsráidbhaile agus pointe fócais a chruthú don sráidbhaile.

CUS CB 6 Cosaint a dhéanamh ar agus feabhas a chur ar chroílár an tsráidbhaile agus daingniú an chroílár tráchtála a spreagadh thart ar lár an tsráidbhaile, agus láithreáin fholmha agus foirgnimh tearcúsáidte dhearóile a athúsáid le haghaidh úsáideanna cónaitheacha, tráchtála agus pobail.

Bonneagar

CUS CB 7 Caidreamh a dhéanamh le, oibriú le agus tacú le hUisce Éireann maidir le seirbhísí uisce leordhóthanacha a chur ar fáil chun riachtanais forbartha an tsráidbhaile a chomhlíonadh le linn thréimhse an Phlean.

CUS CB 8 Baol tuilte agus forbairt ina thaobh sin a bhainistiú ar aon dul leis an Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte. (Imleabhar 5 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Chúí agus Measúnúacht Straitéiseach ar Phriacail Tuile).

Gluaiseacht

CUS CB 9 Iarracht a dhéanamh cosáin agus soilsiú poiblí níos fearr agus méadaithe a chur ar fáil sa sráidbhaile.

CUS CB 10 Iarracht a dhéanamh trasrian(ta) nua coisithe a chur ar fáil in áiteanna tábhachtacha agus na príomhchrosbhóithre sa sráidbhaile a uasghrádú, feabhas a chur ar shábháilteacht do choisithe sa sráidbhaile, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara cuí.

CUS CB 11 Iarracht a dhéanamh éascaíocht a dhéanamh ar bhealach siúil líneach agus limistéar taitneamhachta a fhorbairt taobh le bruach na habhann chun inrochtaineacht agus luach taitneamhachta na habhann agus a conaire taitneamhachta, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara cuí agus faoi réir measúnuithe comhshaoil.

An Oidhreacht Cultúrtha agus Náisiúnta

CUS CB 12 Na fáлта sceach, crainn agus radhairc sa sráidbhaile a chaomhnú.

CUS CB 13 Feabhas a chur ar thórdhreachú Chill Bhríde trí chrainn agus fáлта sceach dúchasacha laistigh de agus thart ar an sráidbhaile.

CUS CB 14 Feabhas a chur ar agus cosaint a dhéanamh ar charachtar agus suíomh speisialta Shéipéal Naomh Bríd agus An Croí Ró-Naofa, ar Déanamhas Cosanta molta é, na foirgnimh agus na tailte lena mbaineann, agus chun feabhsuithe ar an ríocht phoiblí a chomhtháthú mar chuid den chlár feabhsaithe sráidbhaile.

Bonneagar Glas

CUS CB 15 Feabhas a chur ar úsáidí pobail agus taitneamhachta, lena n-áirítear tacaíocht d'fhaiche sráidbhaile/páirc bheag a fhorbairt laistigh den sráidbhaile.

Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

CUS CB 16 Cur i láthair níos fearr a chur chun cinn ar an bpríomhbhealach sa sráidbhaile agus na pointí iontrála trí chomharthaí ar ardchaighdeán, ealaín phoiblí agus caighdeán soilsithe a bhfuil gnéithe an tsráidbhaile acu a chur ar fáil.

CUS CB 17 A chinntiú go gcuireann ceantair nua forbartha le agus go dtagann siad le chéile leis na siúlóidí taitneamhachta agus faiche sráidbhaile/páirc bheag atá molta, más féidir.